Cruinniú 16: Seomra Comhdhála, Foirgnimh Chomhairle Contae Lú, Sráid an Aonaigh, Droichead Átha

Dé hAoine an 24 Márta 2023

Fuair Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha dhá chur i láthair.

- Cur i láthair ag Emily Murray, Tionscadal Atreoraithe Óige CABLE, agus Cliodhna Cunningham, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Connect, ar dhul chun cinn maidir le Gníomh 4.1, forbairt Mhol Pobail Bhaile Fearainn na Mónadh Móire. D'athdhearbhaigh baill a dtacaíocht iomlán don tionscadal agus mhol siad an dá láithreoir as paisean a gcur i láthair agus an luach a thugann a gcuid seirbhísí do phobal an cheantair.
- Cur i láthair ag baill fhoghrúpa um Thacaíocht do Theaghlaigh, Leanaí, Daoine Óga agus Oideachais de chuid an Bhoird – bheartaigh Gavin McGee, Bainisteoir Cláir ABC Lú, agus Tanya O'Reilly, Príomhoide Scoil Náisiúnta Naomh Eoin an méid seo a leanas a dhéanamh:
    - Tacú go hoifigiúil le tosaíocht na luath-idirghabhála mar chur chuige coisctheach trí ghníomhaíocht nua a chur san áireamh sa phlean
    - Tacú le hiarratais chun tús áite a thabhairt do Dhroichead Átha maidir le méadú de réir scála ar chláir náisiúnta um Idirghabháil Luath / suíomhanna píolótacha

D'fhaomh an Grúpa Bainistíochta Maoirseachta Ciontóirí tionscnamh molta de chuid Chomhghníomhaireacht Dhroichead Átha um Fhreagairt ar Choireacht. Cuirfidh an Garda Síochána, na Seirbhísí Promhaidh, agus Tionscadal an Dorais Dheirg an tionscadal chun cinn i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Ag freagairt do chomhráite ag an bhfoghrúpa Fostaíochta, Gnó agus Fiontraíochta, tá acmhainní á gcur ar fáil ag Oifigí Fiontair Áitiúla Lú agus na Mí chun tacú le fiontraithe agus gnólachtaí beaga i gceantar Dhroichead Átha. Déanfaidh Ciste Fiontair Chontae Lú an Ciste a bhainistiú. Cuirfidh an ciste seo de €100,000 thar thréimhse trí bliana ar chumas iarratasóirí nach bhfuil incháilithe do thacaíocht stáit nó ar dhiúltaigh institiúidí príomhshrutha a n-iarratas rochtain a fháil ar airgeadas iasachta.

Tá maoiniú breise faighte ag seirbhísí leabharlainne Lú agus na Mí chun Cruinniú na nÓg a sheachadadh i nDroichead Átha / Oirthear na Mí mar thoradh ar Phlean Forfheidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha.

Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le teachtaireachtaí dearfacha maidir le Droichead Átha agus freagracht na ngníomhaireachtaí agus na n-eagraíochtaí go léir as an scéal a athrú ag leibhéal na bhFoghrúpaí agus an Bhoird araon.

Tá acmhainní faighte ag FSS CHO8 d'Fhoirne um Chúram Sláinte Príomhúil don Lucht Siúil i Lú agus sa Mhí, lena n-áirítear Foireann a bhunú i nDroichead Átha.

Tá Maidin don Phobal beartaithe d'Ionad Pobail agus Áineasa Lourdes sa Bhóthar Buí ar an gCéadaoin an 5 Aibreán chun oibreacha a rinne Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha i gcomhpháirtíocht le BOOLM agus seirbhísí atá ar fáil sa cheantar don phobal a thaispeáint.

Tá an Ciste Nuálaíochta um Shábháilteacht an Phobail le hoscailt arís le haghaidh iarratas agus méadú 50% ar an maoiniú á fháil aige. Cuirfidh an Bord fáilte roimh iarratais ó cheantar Dhroichead Átha arís.